

## SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 1999

An páipéar seo le tabhairt d'íarrthóirí ar an: 6<sup>th</sup> Bealtaine, 1999.

107

EALAÍN

## GRÉASCHÓIRIÚ - ARDLEIBHÉAL

DÉARDAOIN, 13 BEALTAINE, MAIDIN 9.30 - 12.00

## Tá 100 marc ag dul don pháipéar seo

## TREORACHA

- a) Ceadaitear úsáid a bhaint as rianpháipéar, as páipéar daite, as ábhair uigeachta nó as ábhair eile is gá leis na ceisteanna a fhreagairt.
  - b) Scríobh d'Uimhir Scrúdalithe go soiléir sa spás atá ann chuige ag gach bileog línlíochta.
  - c) Luaign go soiléir thíos faoi d'Uimhir Scrúdalithe na sonraí seo a leanas:  
 teideal an pháipéar i.e. - Gréaschóiriú  
 an leibhéal atá á ghlacadh agat i.e. - Ardleibhéal  
 an cheardaíocht a bhfuil an dearadh á dhéanamh agat dó, agus  
 an pointe tosaithe atá roghnaithe agat.
  - d) Cuirtear i gcuimhne d'íarrthóirí gur gá sceitsí ullmhúcháin a tugtar isteach sa seomra scrúdalithe mar chabhair leis an gcuimhne a chur isteach sa chlúdach i dteannta leis an obair dhearaidh chriochnaithe.
  - e) Is gá réamh-sceitsí do dhearadh a chur isteach i dteannta le d'obair dhearaidh.
- NB** Déantar na réamh-sceitsí thuasluaite a chur i gcrích i rith an tréimhse an scrúdalithe agus ní hionann iad agus na sceitsí ullmhúcháin a ceadaitear d'íarrthóirí a bhreith isteach leo sa seomra scrúdalithe mar chabhair leis an gcuimhne.

**SLIOCHT TUAIRISCIÚIL INA BHFUL POINTÍ TOSAITHE****N.B. Ní mór duit an pointe tosaithe a lua ar chúl do chuid réamh-oibre**

Ón cuireadh Tanya faoi agallamh ar an gclár teilifise TUAIRISCÍ TÍ agus ó scriobhadh fuithi san irisleabhar SEOMRAÍ FEISTITHE NA hÉIREANN tá a comhlacht comhairleoireachta dearaidh tí tagtha chun cinn go mór. Ní stopann an guthán san oifig é bheith ag glaoch. Is minic í ar a guthán soghluaise ag caint lena custaiméirí, nó le daoine atá a fiosrú faoi na seirbhísí a chuireann a comhlacht, DREAMHOME ar fáil. Ceann de na cúiseanna is mó go bhfuil an-tóir ar Tanya ná go ndéanann sí earrai agus lámhéantúsáin aonaracha, sainiúla do thithe a custaiméirí. Níl aon rud ró-mhór nó ró-bheag le sochar a bhaint as a cuid scileanna dearaidh. Sé'n Mana pearsanta ná NÍ HANN DO SHONRA NEAMHTHÁBHACHTACH.

Tá an cuma ar go mbeidh an lá inniu fíor-ghnóthach, mar a bhí sé an tseachtain seo chaite. Tá sí san oifig go luath agus tá Ciara agus Liam, beirt dá foireann, ann cheana féin. Tá siad ag tabhairt sracfhéachaint trí bheart d'fhabraicí samplacha, ag cuardach dearadh a bheadh oiriúnach do chathaoireachta atá á chlúdach acu do chustaiméirí. Tá cupán caife á ól acu agus taoschnó á ithe acu. Tagann Tanya, fágann sí a mála, leabhair nótaí agus guthán soghluaise ar a deasc agus bíonn cupán caífé tapaidh aici in éineacht leo. Ansin filleann sí ar a deasc agus freagraíonn sí a cuid ríomhphost. Bhí an oiread sin tionscnaimh dearaidh idir láimh aici i rith an Earraigh gur bheartaigh sí le déanaí micléinn a fhostú i rith an tSamhraidh le cabhrú lena foireann dearaidh. Tugann Dan agus Alice faoin dearadh don chuid is mó, agus oilríonn Michelle thíos sa seomra stórais agus amuigh i dtithe agus in árasáin na gcustaiméirí de gnáth. Níl a fhios ag Ciara cad a dhéanfaidh sí dá n'uireasa nuair a thagann an Samhradh chun deiridh agus nuair a bhíonn an Fhómhair ann. Glaonn na gutháin, tagann an post, tagann giolla turais le beart d'fhabraicí samplacha agus téann an lá oibre ar aghaidh le fuinneamh.

Bíonn cruinniú thapaidh ag Tanya leis an bhfoireann dearaidh agus a gcuid cuntóirí micléinn sa saotharlann dearaidh. Insíonn sí dóibh faoin ordú nua atá acu do rugáil urláir agus taipéisearna agus molann sí go mbaineann siad úsáid as cuid de na híomháonna agus na dathanna atá in úsáid acu faoi láthair agus iad ag tabhairt faoi dhearadí nua do na táirí fite seo. Déanann sí comhrá ansin le Ciara agus le Liam, an triúr acu ag déanamh dianstaídéar ar sceitseanna, staidéir datha agus cláranna-smaointe. Tá dearadh fabraice ullmhaithe ag Ciara atá bunaithe ar shean iarann buailte, lena chuaranna agus a lúbanna. Molann Liam agus Tanya réimse dath-raonta do na dearaí seo: duilleoga an Fhómhair, milseáin agus milseogra, feistis rásáiochta, péinteanna miotalacha. Tá bailiúchán na bliana seo chaite d'fhabraicí, de pháipéarai balla, de theicstili fite agus baitíceanna fós crochta ar an scáthlán in aice le deasc Chiara. Ina measc siúd tá patrúin atá bunaithe ar chathaoireachta, ceann eile bunaithe ar hataí agus ceann eile fós bunaithe ar choinnle, solas coinnle agus laindéir.

Taréis an chruinnithe dírionn Ciara ar an obair. Tá rósanna - cocáin róis, duilleoga, roinnt bláthanna foirfe agus bláth amháin atá ag feo go tapaidh, óna bhfuil piotail ag titim, i mbláthchuach gloine shnoite ar a deasc. Tosaíonn sí ar na bláthanna áille seo, siombail an tSamhraidh, a sceitseáil. Tá sé beartaithé aici roinnt staidéar dathadóireachta a dhéanamh de na rósanna, na deilgne agus eile, um thráthnóna. Bainfidh sí úsáid ansin as a gcuid dathanna dá cuid patrúin, priontaí, teicstílí fhíte agus dearadh taipéise.

Le roinnt seachtainí anuas tá Liam ag lorg smaointe radharcacha úra ó fhoinsí neamhdhochúla. Tá toradh a chuid taighde greamaithe ar an mballa thart ar a dheasc. Ina measc seo tá líníochtaí agus dearaí atá bunaithe ar phíosaí de rudai briste: gréithre maisithe, bréagán plaisteacha, ábhar pacála a bhí caite i leathtaobh, tíleanna. I mboscaí ar an urlár tá abhair eile dá chuid dearai. I gceann amháin acu seo tá beart de chraobhóga ar chruthanna spéisiúla, cuid acu clúdaithe le duilleascat na geloch, roinnt eile le cuid den coirt in easnamh, agus roinnt eile lom gan coirt ar bith orthu. Tá sliogáin i mbosca eile, cinn mhóra agus cinn bheaga, maraon le clocha stríceacha agus breaca. Tá tiúbanna péinte agus prócaí, pinn dathadóireachta agus pastail, scuabanna péinte, agus pailéad clúdaithe le baill datha agus smearthai datha, ar dheasc Liam.

Ina leabhair sceitseála agus ar bhileoga scaoilte tá an iliomad staidéir dathadóireacht agus sceitseanna. I gceann amháin tá dubhghorm curtha le chéile le glae glas agus buí domhain. I gceann eile tá sé taréis mionlínthe chuartha, poncanna agus dronuilleoga a tharraingt ar chúlra stríceach. Ina sheasamh taobh thiar dá ghuthán agus dá lampa deisce tá móitif atá bunaithe ar fhíreanna daonna agus frithathraithe agus dathanna láidire, soiléire úsáidte ann.

Thios staighre sa seomra oibre san íoslach tá cuirtí agus adhartán ádhéanamh ag Alice do árasán atá á mhaisiu ag an bhfoireann dearaidh. Tá an inneall fuála ag crónán leis go gnóthach. Tá na hadhartáin beagnach críochnaithe: caordhearg gheal, corcardhearg agus oráiste mar chodarsnacht leis an fabraic lámphphrontailte dubh agus donn atá in úsáid. Tá móitifeanna de dhuilleoga daire agus de dhearcaín curtha le chéile le stríceanna agus uigeacht suimiúl ar na cuirtí. Tá rolla fabraice ar an urlár. Tá sé buí domhair i ndath, le móitif craobhlasrach de dhuilleoga, de chraobha, de thorthaí coimhthíocha agus éanlaithe níos coimhthíocha fós, cuir acu ag eitilt thart agus cuid eile ar phéirse. Nuair a chrúiochnaíonn Alice ag fuáil, faoi dheireadh staiceaileann sí na hadhartain i gcuinne. Ta scáthlán lampa ar an mbord, bróidnéirithe le dearadh de thriantain, ar chruthanna, ar thoisí agus ar dathanna éagsúla agus é maisithe le clocha plaisteacha agus gloine.

Idir an dá linn tá Dan agus Michelle, ata ag dul sall le cabhrú le Tanya i 2927 Sráid Fishamble mar a bhfuil an árasán á chríochnú, ag lódáil an carr mó le hearraí agus le píosaí beaga troscáin. Tugáil urláir corntha, dhá bhláthchuach cuactha i bpáipéar beartán bolgóideach, priontai frámaithe, cúpla lampa maraon leis an boscaí d'adhartán agus na cuirtí nua - is mó an obair é do Dan agus do Michelle an mhaidin te Samhraidh seo. Scriosta taréis na turasanna sin ar fad suas an staighre ón íoslach suíonn siad sa bhfeithicil ag fanacht ar Tanya, ag éisteacht le bualadh rithimíúil doird ar raidió an chairr. Faoi dheireadh tagann Tanya an staighre anuas lena rollaí líníochtaí, a clár nótaí, agus an ilchineál éadaigh agus samplá. Tá spéaclai gréine á chaithreamh aici. Tiomáineann siad isteach sa bhaile mar a bhfuil an trácht ina stad. I bhfad níos déanaí sroicheann siad uimhir 2927.

Tosaíonn Dan agus Michelle ar an rudaí a thógáil as an bhfeithicil - ar a laghad tá ardaitheoir anseo leis na hearraí a thabhairt suas. Fágann Tanya i mbun a ngatótha iad agus tá sí cheana féin i mbarr an tí, san árasán a bhfuil radharc aige ar an Ardeaglais. Féachann si ar an dul chun cinn ata á dhéanamh sa chistin. Tá áthas urithi a fheicheáil go bhfuil na cófraí cistíne curtha isteach i gceart. Tá móitif de phunann chruthmeachta snoite ar na doirse adhmaid agus móitif de chorn na flúirse ar chuid eile.

Tá an seomra bia críochnaithe nach mó agus nuair a thugann Dan na priontaí frámaithe crochann siad laistiar den mbord dinnéir iad. Cat á ghrianú féin atá i gceann acu, canáraí nó budragár i gcás atá sa cheann eile. Tosaíonn Michelle agus Dan ar fhuinneoga na cistine a thomhas d'fhoru dallóga chur orthu.

Isteach le Tanya sa seomra folctha ansin mar a bhfuil an pluiméir fós ag saothrú leis, cithfholcadh leictreach á chur in áit aige. Déanann sí dreas cainnte le Dave, an pluiméir agus a chúntóir, Tony. Tá smionagar na tógála ina dtimpeall mar gur i bhfad ó bheith críochnaithe atá an obair. Bíodh sin mar tá an-chumadh ar an tileáil atá déanta ar an gcithfholcadh - Tanya i féin a dhear na tileanna ceirmeacha. Bhunaigh sí iad ar mhóitifeanna muileatacha, truif agus caisiríneach i ndathanna chréuil, dubh agus bán. Tá fríos doráidí mórrhimpeall ar an bhfolcadán. Tá sé beartaithé aici soithí gallúnaí i bhfoirm bráthair a fháil déanta ag potaire. Beidh bláthchuach ar leic na fuinneoge spreagtha ag an tSean-Ghréig.

Tá Michelle sa seomra suite agus mionshonraí á sheiceáil aici. Ta múrmhaisiu á phéinteáil ar an mballa ag Séamus. Tá sé thusas ar dhéimire agus ní chloiseann sé Michelle ag teacht isteach trí na doirse crua-adhmaid a bhfuil monogram orthu. Tá sé ag dianmhachnaimh. Tá an dearadh tagtha chun beatha ón a cuairt deirneach. Téama meánaoiseach atá ann spreagtha ag peintéireacht Idirnáisiúnta Gotach. Dathanna geala, úra atá in úsáid a oireann don troscán uilleach nua-aoiseach atá roghnaithe don seomra seo. Ta trí dhealbh ar an matal, rinceoir, iománaí, agus páiste óg.

Bíonn rud beag tapaidh le nithe ag Tanya i ndiaidh a cuid oibre agus tugann sí aghaidh ansin ar an seomra ceantála le féachaint ar na hearraí atá ar díol. Breathnaíonn sí le haoghneas ar Luchtóig 91 ar feadh i bhfad. Bailiúchán plátaí beaga é le pictiúr de thortha éagsúil ar gach ceann díbh. Samhláionn sí iad crochta ina sraith ar an mballa sa chistin in Uimhir 2927. Marcáileann sí é ina catalóg agus gluaiseann sí ar aghaidh féachaint céard eile spéisiúla atá ann. Is gnóthach an saol é!

Roghnaigh ceann amháin diobh seo a leanas:

### **BRÓIDNÉIREACHT:**

Déan dearadh do mhúrchrochadh bróidnáirithe a chuireann íomhá, móitif nó téama ar bith ón sliocht tuairisciúil i do cheann NO déan dearadh do scáthlán lampá bróidnáirithe spreagtha ag an gceann ar a ndéantar cur sios sa sliocht uairisciúil.

## **FÍODÓIREACHT:**

Tóg pointe tosaithe ó íomhá, ó mhóitíf nó ó théarma ar bith as an sliocht tuairisciúil agus dear:

- (a) teicstíl fhite le contrárthachtaí láidire uigeachta agus datha a bheadh oiriúnach d'fheisteas seomra nó d'éadach cuirtín  
**NÓ**
- (b) taipéis nó ruga urláir le móitíf nó iomha nádúraioch nó stileach.

## **CRIADÓIREACHT:**

Tóg pointe tosaithe ó íomhá, ó mhóitíf nó ó théarma ar bith as an sliocht tuairisciúil agus dear:

- (a) pláta beag ar a bhfuil móitíf atá bunaithe ar thorthaí. Bain úsáid as slip-pheinteáil nó foghlonnú mar a raibh na cinn a thaitin go mór le Tanya ag an gceant. (Timpeall 26cm trasna)  
**NÓ**
- (b) soitheach gallúnaí bunaithe ar bhráthair, ar dhoraid nó ar iasc eile ar bith. (Timpeall 28cm 'sna toisí is mó)

## **LITREOIREACHT NÓ PEANNAIREACHT:**

Dear fógra bunaithe ar íomhá, móitíf nó téama ar bith a chuireann an sliocht tuairisciúil i do cheann nó bunaithe ar "2927 Sráid Fishamble" nó "Seomraí Feistithe na hEireann".  
**NÓ**

Más fearr leat píosa peannaireachta a dhéanamh déan leagan amach a dhearadh agus scríobh cuid ar bith den sliocht a thaitníonn leat. Is féidir leat íomhána, móitífeanna maisithe agus/nó focail thromchiallacha nó litreacha agus dath a úsáid i do dhearadh.

## **LÍONÓILGHEARRADH AGUS PRIONTÁIL:**

Déan dearadh do phríonta a chuireann íomhá, móitíf nó téama ar bith as an sliocht tuairisciúil i do cheann **NÓ** dearadh do phríonta atá bunaithe ar "Chóiriú Rósanna" nó "Ag Iódáil an Jíp/Veain".

## **FABRAICPHRIONTÁIL:**

Ag baint úsáide as íomhá, móitíf nó téama ar bith as an sliocht tuairisciúil dear patrún le haghaidh fabraice a bheadh oiriúnach do chuitín nó d'fhabraithe a bhfuil gluaiseacht fhuinniúil le braith ann.

Is féidir leat stíl do dhearadh a bheith traidisiúnta nó comhaimseartha.

## **PUIPÉADACHT:**

Dear puipéad ghléasta d'fhíor Tanya nó ball ar bith dá foireann mar atá luaithe sa sliocht tuairisciúil. NÓ de rogha ar sin féadfaidh tú do phuipéad a bhunú ar phéintéir, ar phluiméir nó ar shiúinéir.

## **LEABHARCHEARDAÍOCHT:**

Ag baint úsáide as íomhá, móitíf nó téama ar bith as an sliocht tuairisciúil dear clúdach leabhair nó bileoga cheangail don leabhar "Seomraí Feistithe na hEireann, Imleabhar 3". Cuir in iúl go hachomair na hábhair agus an tógáil a bheith in úsáid.

## **DEARADH FÓGRAÍOCHTA:**

Dear postaer nó cárta taispeántais ag baint úsáide as íomhá, móitíf nó téama ar bith as an sliocht tuairisciúil  
**NÓ**  
dear grafaicí a bheadh oiriúnach do chlár teilifise dárbh ainm TUAIRISCÍ TÍ  
**NÓ**  
dear lógó do chomhlacht comhairleoireachta dearaidh dárbh ainm DREAMHHOME.

## **MÚNLÓIREACHT AGUS SNOÍODÓIREACHT:**

Ag baint úsáide as íomhá, móitíf nó téama ar bith a chuireann an sliocht tuairisciúil i gcuimhne duit dear píosa dealbhóireachtra saorsheasmhach. Léirigh ar a laghad dhá ingearchló de do dhearadh dealbhóireachta.

## **FEISTIS STÁITSE**

Ag baint úsáide as íomhá, móitíf nó téama ar bith a chuireann an sliocht tuairisciúil i gcuimhne duit dear ceann amháin acu seo a leanas:

- a) feisteas stáite  
b) cíulbhrat agus cultacha stáite  
c) feisteas stáite agus cultacha stáite.

Is cóir duit dath, soilsíú agus ábhair a chuir san áireamh i do dhearadh.  
**NÓ**

Dear feisteas do chlár teilifise dárbh ainm TUAIRISCÍ TÍ. Is cóir duit dath, soilsíú agus ábhair a chuir san áireamh i do dhearadh.